An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Bunscoil Mhic Reachtain
# Béal Feirste

# Bealtaine 2010

**TUAIRISC LEANTACH AR AN CHIGIREACHT FHÓCASAITHE AR BHUNSCOIL MHIC REACHTÁIN, BÉAL FEIRSTE, BT 15 1EZ (101-6647)**

Aibhsíodh buanna le linn na cigireachta fócasaithe i mí Bealtaine 2008 maidir le hiompar eiseamláireach na bpáistí; na socruithe an-mhaithe le haghaidh chur chun cinn an bhia shláintiúil agus stíl bheatha shláintiúil; caighdeán na seisiún teagaisc a breathnaíodh le linn na cigireachta; an fhoireann dhíche allach a bhíonn ag comhoibriú go maith lena chéile; na ceangail éifeachtacha atá bunaithe le réimse d'áisíneachtaí agus d'eagrais sheachtracha; agus obair an Phríomhoide i dtaca le cur chun cinn na scoile trí chaidreamh éifeachtach oibre a fhorbairt leis an phobal áitiúil.

Shainaithin an chigireacht go raibh gá le feabhsúchán sna réimsí seo a leanas:

- gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí polasaí agus ar na hábhair treorach don tréadchúram agus don chosaint pháistí agus gur gá iad a nuashonrú agus a chur in iúl i gcomhréir leis na ciorcláin ábhartha de chuid na RO;

- gur gá cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i leith na pleanála don fhoghlaim agus don teagasc chun na caighdeáin a bhaineann na páistí amach a fheabhsú, go háirithe na páistí sin a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu; agus

- gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha na Scoile agus é a nuashonrú chun tosaíochtaí comhaontaithe le haghaidh feabhsú agus torthaí na tuairisce seo a léiriú.

San eatramh ó rinneadh an bhunchigireacht, tá tacaíocht faighte ag an scoil ón tSeirbhís Chomhairleach Idirbhoird Gaelscolaíochta don Churaclam (CASS) agus ó fhoireann CASS Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste sna réimsí seo a leanas:

- cur chuige straitéiseach i leith na pleanála don fhoghlaim agus don teagasc chun na caighdeáin a bhaineann na páistí amach a ardú; agus

- plean don scoil uile a fhorbairt don fhoghlaim agus don teagasc sa mhatamaitic.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) trí chuairt mhonatóireachta eatramhacha agus cigireacht leantach ar 6 Bealtaine 2010.

Bhí caighdeán maith ag roinnt leis an phlean gníomhaíochta a cheap an t-eagras mar fhreagra ar thorthaí na cigireachta agus rinneadh é a choigeartú de réir mar ba chuí i bhfianaise an aiseolais a thug an Chigireacht le linn na gcuairteanna monatóireachta eatramhacha.

Seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh:

- cultúr forbartha na féinmheastóireachta i dtreo an fheabhsaithe;

- úsáid níos fócasaithe na sonraíochta chun spriocanna a leagan síos don fheabhsú;

- úsáid níos comhsheasmhaí na straitéisí don fhoghlaim ghníomhach chun foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic a chur chun cinn; agus

- ardú na gcaighdeáin a bhaineann gach páiste amach san uimhearthacht.

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo sásúil anois; is mó na buanna ná na réimsí a bhfuil feabhsúchán de dhíth iontu sa soláthar. Le tógáil ar na buanna agus le leanúint le hardú na gcaighdeán a bhaineann na páistí amach, ní mór don scoil leanúint leo ag neartú a gcuid próiseas don phleanáil forbartha scoile mar a sainaithníodh sa bhuntuairisc.

Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht ar dhul chun cinn na scoile maidir le tabhairt faoin réimse ina bhfuil gá go fóill le feabhsúchán.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk

INFHEISTEOIR
I NDAOINE